

# GCSE

Sonraíocht GCSE CCEA

## Fraincis

**Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017**  
**Le measúnú den chéad uair Samhradh 2018**  
**Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019**  
**Cód Ábhair: 5650**



Cód Ábhair	5650
QAN	603/1066/2
Foilseachán CCEA © 2017	

Tá an tsonraíocht seo ar fáil ar líne ag [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk)

**Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3,  
Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.**



### 3 Inneachar Ábhair

Forbraíonn daltaí a gcuid eolais agus tuisceana trí staidéar a dhéanamh ar thrí Chomhthéacs don Fhoghlaim:

- Comhthéacs don Fhoghlaim 1: Féiniúlacht, Stíl mhaireachtála agus Cultúr;
- Comhthéacs don Fhoghlaim 2: Réimsí suime Áitiúla, Náisiúnta, Idirnáisiúnta agus Domhanda; agus
- Comhthéacs don Fhoghlaim 3: Saol na Scoile, Staidéar agus Saol na hOibre.

Úsáideann siad Fraincis trasna réimse de chomhthéacsanna le:

- freagairt do chineálacha difriúla de theanga labhartha agus iad a thuiscint (Éisteacht);
- cumarsáid agus caidreamh a dhéanamh go héifeachtach i gcaint (Labhairt);
- freagairt do chineálacha difriúla de theanga scríofa agus iad a thuiscint (Léitheoireacht);
- cumarsáid a dhéanamh i scríbhinn (Scríbhneoireacht).

Leagann an roinn seo amach an t-inneachar (Roinn 3.1) agus na torthaí foghlama (Ranna 3.2–3.5) a bhaineann leis na Comhthéacsanna don Fhoghlaim. Féach Aguisín 2 agus 4 maidir le gramadach, struchtúr agus stór focal.

Ba cheart do dhaltaí na Bonnsraithe bheith ábalta tascanna a chur i gcrích taobh istigh de theorainneacha na struchtúr agus an stóir focal in Aguisín 2 agus 4. Tagann na tascanna ó chomhthéacsanna intuartha go príomha agus is minic a úsáidtear teanga aitheanta; áfach, is féidir go mbeidh ar dhaltaí plé le stór focal coimhthíoch i gcomhthéacsanna aitheanta.

Ba cheart do dhaltaí na hArdsraithe bheith ábalta tascanna a chur i gcrích taobh istigh de theorainneacha na struchtúr atá leagtha amach in Aguisín 4 ar dhóigh níos forbartha agus níos beaichte, ag úsáid teanga atá éagsúil agus níos casta. Ba cheart dóibh bheith ábalta déileáil le teanga choimhthíoch.

### 3.1 Comhthéacsanna don Fhoghlaim

#### 3.1.1 Comhthéacs don Fhoghlaim 1: Féiniúlacht, Stíl mhaireachtála agus Cultúr;

Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta barúlacha a fhiosrú, a thuiscint, a phlé, a thabhairt agus cur síos a dhéanamh orthu maidir leis na topaicí atá le fáil sa tábla thíos.

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
Saol, teaghlaigh agus suimeanna na ndaltaí, agus iad siúd de chuid daoine i dtíortha/i bpobail ina labhraítear an Fhraincis	<ul style="list-style-type: none"> <li>Mé féin, mo theaghlach, caidrimh agus roghanna (mar shampla, teaghlach agus cairde)</li> <li>Na meáin shóisialta agus nuatheicneolaíocht (mar shampla, cumarsáid ar líne, ríomhairí, táibléid agus gutháin chliste)</li> <li>Am saor, fóillíocht agus gnáthamh laethúil (mar shampla, spóirt, caithimh aimsire, pictiúrlann, teilifís, ceol, damhsa, faisean, ag ithe amuigh, siopadóireacht, sa bhaile, ar scoil agus ag an deireadh seachtaine)</li> <li>Cultúr, custaim, féilte agus ceiliúrthaí (mar shampla an Cháisc, Nollaig, breithlaethanta, gníomhaíochtaí cultúrtha agus imeachtaí, saoire náisiúnta, ceiliúradh agus cócaireacht)</li> </ul>

#### 3.1.2 Comhthéacs don Fhoghlaim 2: Réimsí Suime Áitiúla, Náisiúnta, Idirnáisiúnta agus Domhanda

Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta barúlacha a fhiosrú, a thuiscint, a phlé, a thabhairt agus cur síos a dhéanamh orthu maidir leis na topaicí atá le fáil sa tábla thíos.

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
Stíl mhaireachtála na ndaltaí agus a gcuid meonta i leith saincheisteanna timpeallachta, sóisialta agus domhanda, agus meonta dóibh siúd i dtíortha/i bpobail ina labhraítear an Fhraincis	<ul style="list-style-type: none"> <li>Mo cheantar áitiúil agus an mhórthimpeallacht (mar shampla, baile, comharsanacht, baile mór nó cathair, áiteanna le cuairt a thabhairt orthu, réigiún agus tír)</li> <li>Rannpháirtíocht an phobail (mar shampla, carthanachtaí agus obair dheonach)</li> <li>Saincheisteanna sóisialta agus domhanda (mar shampla, sláinte, stíl mhaireachtála, iompraíocht fhrithshóisialta, aire a thabhairt do dhaoine eile agus don timpeallacht)</li> <li>Taisteal agus turasóireacht (mar shampla, laethanta saoire, ceann scríbe, iompar, eolas do thurasóirí, aimsir, treonna, lóistín, gníomhaíochtaí, siopadóireacht agus ag ithe amuigh)</li> </ul>

### 3.1.3 Comhthéacs don Fhoghlaim 3: Saol na Scoile, Staidéar agus Saol na hOibre

Ba cheart go mbeadh daltaí ábalta barúlacha a fhiosrú, a thuiscint, a phlé, a thabhairt agus cur síos a dhéanamh orthu maidir leis na topaicí atá le fáil sa tábla thíos.

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<b>Saincheisteanna oideachais agus fostaíochta i dtír nó i bpobal an dalta agus i dtíortha/i bpobail ina labhraítear an Fhraincis</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Mo chuid staidéir agus saol na scoile (mar shampla, ábhair scoile, éadaí scoile, clár ama, rialacha agus rialacháin)</li> <li>• Gníomhaíochtaí seach-churaclaim (mar shampla, clubanna, cumainn, imeachtaí, turais agus cuairteanna)</li> <li>• Obair pháirtaimseartha agus bainistíocht airgid (mar shampla, obair sa tráthnóna, obair ag an deireadh seachtaine agus taithí oibre)</li> <li>• Pleananna don todhchaí agus gairm (mar shampla, oideachas iar-16, staidéir bhreise, fostaíocht, uailmhianta agus roghanna)</li> </ul>

### 3.2 Aonad 1: Éisteacht

Baineann na torthaí foghlama a leanas le gach ceann de na trí Chomhthéacs don Fhoghlaim (féach Roinn 3.1).

#### Torthaí Foghlama

Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:

- tuiscint a léiriú ar na cineálacha difriúla de theanga labhartha;
- caint shoiléir, a úsáideann teanga aitheanta, a leanúint agus a thuiscint;
- an teachtaireacht iomlán, príomhphointí, sonraí agus barúlacha i réimse de shleachta labhartha a shainaithint;
- ciall a bhaint as réimse de théacsanna labhartha; agus
- eolas tábhachtach, téamaí agus idéanna tábhachtacha i dtéacs labhartha fada a aithint agus freagairt dóibh (ar a n-áirítear foinsí iontaofa, foinsí is féidir a oiriúnú de réir mar is cuí) trí cheisteanna a fhreagairt, eolas a bhaint, conclúidí a luacháil agus a dhéanamh.



### 3.3 Aonad 2: Labhairt

Baineann na torthaí foghlama a leanas le gach ceann de na trí Chomhthéacs don Fhoghlaim (féach Roinn 3.1).

#### Torthaí Foghlama

Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:

- cumarsáid agus caidreamh a dhéanamh go héifeachtach i gcaint faoi choinne réimse de chuspóirí;
- páirt a ghlacadh i gcomhráite gairide, ceisteanna a chur agus a fhreagairt, barúlacha a mhalartú agus píosaí cainte fada a dhéanamh;
- labhairt go spontáineach, freagairt do cheisteanna, tuairimí nó cásanna agus cumarsáid a chothú, de réir mar is cuí;
- eolas a chur in iúl agus imeachtaí a aithris go ciallmhar agus go muiníneach, agus teanga a úsáid agus a oiriúnú do chuspóirí nua;
- úsáid chuí agus bheacht a bhaint as réimse de stór focal agus struchtúir ghramadaí;
- úsáid chruthaitheach a bhaint as an teanga, de réir mar is cuí, le seasamh lena gcuid smaointí agus tuairimí agus iad a chur in iúl; agus
- poncaíocht agus iontonú beacht a thuigfeadh cainteoir dúchais a úsáid.

### 3.4 Aonad 3: Léitheoireacht

Baineann na torthaí foghlama a leanas le gach ceann de na trí Chomhthéacs don Fhoghlaim (féach Roinn 3.1).

#### Torthaí Foghlama

Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:

- freagairt do chineálacha difriúla de theanga scríofa agus iad a thuiscint;
- tuiscint a léiriú ar shonraí taobh istigh de théacsanna ag úsáid teanga aitheanta ardmhnicíochta;
- an teachtaireacht iomlán, príomhphointí, sonraí agus barúlacha i réimse de shleachta scríofa a shainiú;
- ciall a bhaint as réimse de théacsanna scríofa (ó réimse de chomhthéacsanna sainithe, ar a n-áirítear, insintí gairide, ábhar iontaofa agus ábhar coimhthíoch);
- eolas tábhachtach, téamaí agus idéanna tábhachtacha i dtéacs scríofa fada agus foinsí iontaofa a aithint agus freagairt dóibh;
- tuiscint a léiriú trí spléachadh a thabhairt faoi choinne eolas ar leith, sonraí bainteacha a eagrú agus a chur i láthair, tátail a bhaint i gcomhthéacs agus ciall intuigthe a aithint más cuí; agus
- abairtí a aistriú ó Fhraincis go Béarla.

### 3.5 Aonad 4: Scríbhneoireacht

Baineann na torthaí foghlama a leanas le gach ceann de na trí Chomhthéacs don Fhoghlaim (féach Roinn 3.1).

#### Torthaí Foghlama

Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta:

- cumarsáid a dhéanamh i scríbhinn faoi choinne réimse de chuspóirí;
- focail, frásaí agus téacsanna gairide a scríobh, ag úsáid liostaí agus abairtí simplí i dteanga aitheanta le ciall a chur in iúl agus le heolas a mhalartú;
- abairtí a aistriú ó Bhéarla go Fraincis le príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl go beacht agus eolas na teanga agus na struchtúir gramadaí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs;
- téacs breise atá soiléir agus ciallmhar a tháirgeadh le fíricí a chur i láthair agus le hidéanna agus barúlacha a chur in iúl faoi choinne cuspóirí difriúla agus i suíomhanna éagsúla;
- úsáid chuí agus bheacht a bhaint as réimse de stór focal agus struchtúir ghramadaí;
- an teanga a láimhsiú, réimse de struchtúir agus stór focal a úsáid agus a oiriúnú le cruinneas agus líofacht faoi choinne cuspóirí nua (stíl agus réim theanga chuí a úsáid san áireamh); agus
- úsáid chruthaitheach agus neamhspleách a bhaint as an teanga le príomhphointí a shainaitheint, seasamh lena gcuid smaointí agus tuairimí agus iad a chur in iúl.



INVESTORS  
IN PEOPLE

